# Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas
# **Foirm Dhearbhaithe Ábhair**

Dóibh siúd atá ag clárú ar nó tar éis **an 1 Eanáir 2023**

## Iodáilis

## Tábhachtach

**Ba cheart an fhoirm dhearbhaithe seo a chur ar ais chuig an soláthraí/na soláthraithe MGO a bhfuil iarratas déanta agat leis/leo. Ná seol ar ais í chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.**

Leis an bhFoirm Dhearbhaithe Ábhair, ligtear duit do chéim (agus cáilíochtaí eile más infheidhme) a mheaitseáil le riachtanais na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar teagaisc churaclaim. Ní mór duit na riachtanais d'ábhar curaclaim amháin ar a laghad a chomhlíonadh do do chur san áireamh le haghaidh clárúcháin mar mhúinteoir, tar éis duit do Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) a thabhairt i gcrích.

Ba cheart do dhaoine a bhfuil iarratas ar MGO á dhéanamh acu foirm dhearbhaithe a chomhlánú ar líne, a phriontáil agus a shíniú.

Ba cheart duit foirm dhearbhaithe ábhair a chomhlánú do gach ábhar a bhfuil clárúchán na Comhairle Múinteoireachta á lorg agat ina leith.

Leagtar amach na riachtanais don ábhar curaclaim **Iodáilis** ar leathanach 2.

[Sonraí gach ábhar curaclaim eile]

Ba cheart go dtabharfadh iarratasóirí faoi deara go ndéanfaidh an soláthraí/na soláthraithe MGO na dearbhuithe a dhéanfar ar an bhfoirm seo a mheas agus na tairiscintí d'áiteanna ar MGO á gcinneadh acu. **Má dhéantar aon earráidí ábhartha nó aon dearbhuithe míthreoracha ar an bhfoirm seo, féadfaidh an soláthraí MGO (tairiscint de) áit a aistarraingt nó aon ghníomh eile a dhéanamh a mheasann an soláthraí MGO a bheith cuí.**

Má thairgtear áit duit ar MGO, agus má tá cead tugtha agat, cuirfear an dearbhú seo ar aghaidh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Cuirfidh an Chomhairle in iúl duit má chomhlíonann tú na riachtanais chlárúcháin.

Bunaithe ar an bhfoirm dhearbhaithe seo agus ar do chuid tras-scríbhinní de thorthaí fochéime, deimhneoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta cé acu an mbeidh tú incháilithe chun clárú mar mhúinteoir tar éis duit MGO a chríochnú go rathúil.

Deimhneoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta freisin an t-ábhar curaclaim nó na hábhair churaclaim a thaifeadfar ar Chlár na Múinteoirí.

# Iodáilis

Chun na riachtanais chlárúcháin atá leagtha amach sna Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Clárú) a chomhlíonadh maidir le hábhar curaclaim na hIodáilise, ní mór d'iarrthóir na critéir seo a leanas **go léir** a chomhlíonadh:

## 1

(a) Ní mór cáilíocht céime a bheith ag iarrthóirí, agus staidéar déanta acu ar an Iodáilis suas go dtí agus lena n-áirítear leibhéal bliain a trí nó níos airde (nó a chomhionann modúlach).

(b) Ní mór don chéim cháilithe a bheith comhionann le Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad agus íostoradh le pas bainte amach ag iarrthóirí i ngach scrúdú a bhaineann leis an Iodáilis.

(c) Ní mór 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad (nó a chomhionann) a bheith ag gabháil leis an gcéim cháilithe (60 creidiúint ECTS ar a laghad (nó a chomhionann) ag baint le sainstaidéar na hIodáilise.

## 2

Ní mór don staidéar ar an Iodáilis, le linn na cáilíochta, a léiriú go bhfuil dóthain eolais, scileanna agus tuisceana faighte ag an sealbhóir chun siollabas/sonraíocht na hIodáilise a mhúineadh ar an leibhéal is airde in oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie/Home/?lang=ga-ie**).

## 3

**Fianaise ar chumas teanga**

(a) Ní mór do gach iarrthóir fianaise a chur ar fáil a léiríonn cumas sa teanga. Is féidir an mhéid seo a léiriú le híosleibhéal B2.2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó a chomhionann) a bhaint amach ón institiúid ardoideachais a bhronn an cháilíocht ort.

(b) Seachas sin, is féidir le hiarrthóirí deimhniú a chur ar fáil de leibhéal B2.2 a bhaint amach ar scrúdú teanga neamhspleách.

## 4

Ní mór go gcuimsítear staidéar ar na nithe seo a leanas leis an gcéim freisin:

- scileanna teanga[1]
- staidéar ar théacsanna[2]

1. Léitheoireacht, toradh labhartha, caidreamh labhartha, éisteacht agus scríbhneoireacht.
2. Tagraíonn téacsanna do gach toradh a bhaineann le húsáid teanga, téacsanna cluastuisceana, labhartha, scríofa agus digiteacha san áireamh.

# Iodáilis

## 5

**Fianaise ar Thaithí Thumoideachais**

Roimh a staidéar oideachais múinteora a chríochnú, ba cheart d'iarratasóirí fianaise infhíoraithe ar thaithí thumoideachais sa theanga churaclaim a sholáthar. Ní mór gur mhair an taithí thumoideachais 4 seachtaine ar a laghad. Féadfar na 4 seachtaine a chríochnú i mbloc amháin de 4 seachtaine (Rogha 1), nó in dhá bhloc de 2 sheachtain (Rogha 2). I Rogha 2, ní mór gur caitheadh bloc amháin ar a laghad (2 sheachtain ar a laghad) i suíomh ina bhfuil an teanga mar an teanga choiteann. Ní mór ceann amháin de na míreanna seo a leanas a bheith i gceist leis an taithí thumoideachais:

- freastal ar chúrsa teanga
- a bheith ag obair mar bhall foirne i suíomh oideachasúil
- tionscadal taighde gníomhaíochta a dhéanamh atá ábhartha dá gcuid staidéir teagaisc
- socrúchán Scoile a dhéanamh.

Chun Treoirnóta maidir le Taithí Thumoideachais a fháil **cliceáil anseo**.

# Iodáilis

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm: | | | |
| Seoladh: | | | |
| Dáta Breithe: | | Uimhir PSP: | |
| Ríomhphost: | | | |
| Uimh. Theileafóin: | | Uimh. Theileafóin Phóca: | |
| Teideal na Céime: | | | |
| Foras Bronnta Céime: | | Bliain Bronnta: | |

Cáilíocht(aí) Ábhartha Eile san Iodáilis (más infheidhme):

| Teideal na cáilíochta | Foras Cáiliúcháin | Bliain Bronnta |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

# Iodáilis

Má tá tú sa bhliain dheireanach de do chéim nó má tá tuilleadh staidéir á dhéanamh agat do do chur ar do chumas riachtanais chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta d'ábhar curaclaim a chomhlíonadh, is féidir leat sonraí an staidéir leanúnaigh sin a thaifeadadh, lena n-áirítear teideal/teidil an mhodúil/na modúl agus ualú(í) creidiúna ECTS sa ghreille thíos, ar an gcoinníoll go mbeidh an staidéar ábhartha ar fad críochnaithe go rathúil sula nglacann tú áit ar MGO.

**Freagair ceisteanna 1-7 thíos le do thoil agus cuir isteach cód/cóid an mhodúil/na modúl, teideal/teidil an mhodúil/na modúl agus luachanna creidiúna ECTS de réir mar is gá.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | An bhfuil do chéim comhionann le Leibhéal 8 ar a laghad ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC), agus staidéar déanta agat ar an Iodáilis suas go dtí agus lena n-áirítear leibhéal bliain a trí nó níos airde (nó a chomhionann modúlach)? | ◯ Tá | ◯ Níl |
| 2 | An bhfuil íosmhéid de 180 creidiúint ECTS (nó a chomhionann) ag gabháil le do chéim? | ◯ Tá | ◯ Níl |
| 3 | An bhfuil íosmhéid de 60 creidiúint ECTS (nó a chomhionann) ag gabháil le do chuid staidéir ar an Iodáilis? | ◯ Tá | ◯ Níl |
| 4 | An gcuimsítear staidéar ar na réimsí riachtanacha uile seo a leanas i do chuid staidéir ar an Iodáilis: | | |
| | a) scileanna teanga (léitheoireacht, toradh labhartha, caidreamh labhartha, éisteacht agus scríbhneoireacht)? | ◯ Cuim-sítear | ◯ Ní chuim-sítear |
| | b) an staidéar ar théacsanna (téacsanna cluastuisceana, labhartha, scríofa agus digiteacha)? | ◯ Cuim-sítear | ◯ Ní chuim-sítear |
| 5 | An bhfuil taithí thumoideachais i dteanga na hIodáilise ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad curtha i gcrích agat? Féach leathanach 8 le haghaidh na fianaise a theastaíonn. | ◯ Tá | ◯ Níl |
| 6 | Ar chuir tú fianaise ar inniúlacht teanga san Iodáilis ar fáil? Féach leathanach 9 le haghaidh na fianaise a theastaíonn. | ◯ Chuir | ◯ Níor chuir |

# Iodáilis

**Maidir le ceisteanna 3, 4 agus 5 thuas, liostaigh thíos, le do thoil, an cód/na cóid, an teideal/na teidil agus na luachanna creidiúna ECTS do gach modúl a ndearnadh staidéar air.**

## Réimsí Staidéir Riachtanacha

Scileanna Teanga:
**Léitheoireacht, Toradh Labhartha, Caidreamh Labhartha, Éisteacht agus Scríbhneoireacht**

| Cód an Mhodúil | Teideal an Mhodúil | Luach Creidiúna ECTS |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

Staidéar ar Théacsanna:
**Gach toradh d'Úsáid Teanga, lena n-áirítear Téacsanna Cluas-Tuisceana, Labhartha, Scríofa agus Digiteacha san áireamh**

| Cód an Mhodúil | Teideal an Mhodúil | Luach Creidiúna ECTS |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

# Iodáilis

Réimse Staidéir:
**Eile**

| Cód an Mhodúil | Teideal an Mhodúil | Luach Creidiúna ECTS |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| | |
|---|---|
| **Creidiúna ECTS Iomlán san Iodáilis** | |

# Iodáilis

**Taithí Thumoideachais** Roimh a staidéar oideachais múinteora a chríochnú, ba cheart d'iarratasóirí fianaise infhíoraithe ar thaithí tumoideachais sa teanga churaclaim a sholáthar. Ní mór gur mhair an taithí thumoideachais 4 seachtaine ar a laghad.

Féadfar na 4 seachtaine a chríochnú i mbloc amháin de 4 seachtaine **(Rogha 1)**, nó in dhá bhloc de 2 sheachtain **(Rogha 2)**. I Rogha 2, ní mór gur caitheadh bloc amháin ar a laghad (2 sheachtain ar a laghad) i suíomh ina bhfuil an teanga mar an teanga choiteann.

Féach ar an Treoirnóta maidir le Taithí Thumoideachais le do thoil **cliceáil anseo**.

| **ROGHA 1**<br>**(Bloc amháin de thréimhse 4 seachtaine - caithfear na 4 seachtaine a dhéanamh i dtír ina bhfuil an teanga mar an teanga choiteann)** Dearbhaím gur chríochnaigh mé na nithe seo a leanas: | Cuir tic le rogha amháin ar a laghad |
|---|---|
| a. D'fhreastail mé ar chúrsa teanga | ◯ D'fhreastail |
| b. D'oibrigh mé mar bhall foirne i suíomh oideachasúil | ◯ D'oibrigh |
| c. Tá tionscadal taighde gníomhaíochta déanta agam atá ábhartha do mo chuid staidéir theagaisc | ◯ Tá |
| d. Tá Socrúchán Scoile curtha i gcrích agam. | ◯ Tá |

| **ROGHA 2 (Dhá bhloc, gach bloc de choicís ar fad - Ní mór gur caitheadh bloc amháin ar a laghad i dtír ina bhfuil an teanga mar an teanga choiteann inti.) Le linn Bhloc 1,** dearbhaím gur chríochaigh mé na nithe seo a leanas: | Cuir tic le rogha amháin ar a laghad |
|---|---|
| a. D'fhreastail mé ar chúrsa teanga | ◯ D'fhreastail |
| b. D'oibrigh mé mar bhall foirne i suíomh oideachasúil | ◯ D'oibrigh |
| c. Tá tionscadal taighde gníomhaíochta déanta agam atá ábhartha do mo chuid staidéir theagaisc | ◯ Tá |
| d. Tá Socrúchán Scoile curtha i gcrích agam. | ◯ Tá |
| **Le linn Bhloc 2,** dearbhaím gur chríochaigh mé na nithe seo a leanas: | Cuir tic le rogha amháin ar a laghad |
| a. D'fhreastail mé ar chúrsa teanga | ◯ D'fhreastail |
| b. D'oibrigh mé mar bhall foirne i suíomh oideachasúil | ◯ D'oibrigh |
| c. Tá tionscadal taighde gníomhaíochta déanta agam atá ábhartha do mo chuid staidéir theagaisc | ◯ Tá |
| d. Tá Socrúchán Scoile curtha i gcrích agam. | ◯ Tá |

**Samplaí fianaise**
I measc samplaí d'fhianaise a d'fhéadfaí a thabhairt tá tras-scríbhinn/litir ó d'ollscoil lena ndeimhnítear gur thug tú faoi chlár ERASMUS agus/nó faoi thaithí thumoideachais i dtimpeallacht inarbh í an teanga mar theanga an phobail; litir ó fhostóir; litir ó sholáthraí cúrsa teanga; litir ó ollscoil a dheimhníonn gur tugadh tionscadal taighde gníomhaíochta chun críche.

# Iodáilis

**Fianaise ar Chumas Teanga**
Anseo thíos, sonraigh le do thoil cén fhianaise atá á cur isteach agat leis an bhfoirm dhearbhaithe seo chun a thaispeáint go gcomhlíonann tú an riachtanas i dtaca le cumas teanga.

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Is í an Iodáilis mo chéad teanga agus cuirim cóip de mo phas isteach mar fhianaise. **Nó** | ◯ Tá |
| 2 | Cuirim isteach mo thras-scríbhinn bunchéime de thorthaí a shonraíonn go soiléir go bhfuil íosleibhéal B2.2 bainte amach agam ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa do theangacha (nó a chomhionann). **Nó** | ◯ Cuirim |
| 3 | Cuirim isteach deimhniú ar chaighdeán B2.2 a bhaint amach i dtástáil inniúlachta teanga neamhspleách. **Nó** | ◯ Cuirim |
| 4 | Cuirim isteach tuairisceoir modúil ábhartha isteach lena sonraítear go soiléir, “má éiríonn leis an mac léinn é a chríochnú, beidh B2.2 ar a laghad bainte amach ag an mac léinn ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. **Nó** | ◯ Cuirim |
| 5 | Cuirim isteach litir/ráiteas ón Institiúid Ardoideachais inar bhain mé mo chéim amach, a shonraíonn go soiléir go bhfuil B2.2 ar a laghad bainte amach agam ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó a chomhionann). | ◯ Cuirim |

# Iodáilis

Dearbhaím go bhfuil staidéar ar an **Iodáilis** curtha i gcrích agam mar atá leagtha amach thuas agus go bhfuil na sonraí atá curtha isteach agam sna táblaí thuas fíor agus cruinn chomh fada agus is eol dom.

Údaraím leis seo do na húdaráis sa soláthraí/sna soláthraithe MGO a bhfuil iarratas á chur isteach agam leo sonraí a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta, ar sonraí iad is gá chun tús a chur le mo chlárú leis an gComhairle i.e., m'ainm, seoladh teagmhála, dáta breithe, inscne, uimhir PSP, seoladh ríomhphoist, sonraí teagmhála teileafóin agus cóip den Fhoirm Dhearbhaithe Ábhar seo. Is é/is iad an soláthraí/na soláthraithe MGO a bhfuil iarratas á dhéanamh agam leis/leo:

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Dáta: | |
| Síniú: | |

## Tábhachtach

**Ba cheart an fhoirm dhearbhaithe seo a chur ar ais chuig an soláthraí/na soláthraithe MGO a bhfuil iarratas déanta agat leis/leo. Ná seol ar ais í chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.**